# TAIRISCINT AML

JUST/2018/JACC/PR/CRIM/018

Reáchtáil oiliúna le haghaidh dlíodóirí maidir leis na rialacha ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a bhaineann leis an bhFrithsciúradh Airgid (AML) agus leis an bhFrithmhaoiniú Sceimhlitheoireachta (CTF)

# LÁMHLEABHAR D'OILIÚNÓIRÍ

22 Feabhra 2021

**Séanadh**

Táirgeadh an fhaisnéis seo faoi chonradh leis an Aontas Eorpach (Uimhir thagartha: JUST/2018/JACC/PR/CRIM/018) agus ní léirítear tuairim oifigiúil an Choimisiúin Eorpaigh leis. Ní bheidh an Coimisiún ná aon duine atá ag gníomhú thar ceann an Choimisiúin freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá ann

# FOILSITHEOIRÍ

**An Fhondúireacht Dlíodóirí Eorpacha**
Fluwelen Burgwal 58
2511 CJ – An Háig
AN ÍSILTÍR
+31,612,990,818
www.elf-fae.eu
info@elf-fae.eu

**Comhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa**
Rue Joseph II, 40
1000 – An Bhruiséil
An Bheilg
+32 2234 6510
www.ccbe.eu
info@ccbe.eu

Creidiúintí na ngrianghraf (leathanach tosaigh)
© Adobe Stock

# CLÁR


JUST/2018/JACC/PR/CRIM/018 ........ 1

LÁMHLEABHAR D'OILIÚNÓIRÍ ........ 1

FOILSITHEOIRÍ ........ 2

RÉAMHRÁ ........ 4

CONAS AN LÁMHLEABHAR SEO A ÚSÁID? ........ 5

*Torthaí foghlama* ........ 6

*Modheolaíocht* ........ 7

OILIÚINT ÉIFEACHTACH ........ 8

BUNÁBHAIR ........ 9

CÁS-STAIDÉIR ........ 10

# LÁMHLEABHAR D'OILIÚNÓIRÍ

## RÉAMHRÁ

Ullmhaíodh an lámhleabhar oiliúna seo (an lámhleabhar d'oiliúnóirí) dóibh siúd a bhíonn i mbun oiliúint a chur ar dhlíodóirí maidir leis na rialacha ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a bhaineann leis an bhfrithsciúradh airgid (AML) agus leis an bhfrithmhaoiniú sceimhlitheoireachta (CTF). Tá lámhleabhar comhfhreagrach (an lámhleabhar d'úsáideoirí) ar fáil dóibh siúd atá ag glacadh páirt san oiliúint mar fhoghlaimeoirí.

Tá an dá lámhleabhar á bhfoilsiú faoi chonradh a dhámh an Coimisiún Eorpach ar an bhFondúireacht Dlíodóirí Eorpacha (EFL) agus Comhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa (CCBE) maidir le 'Reáchtáil oiliúna le haghaidh dlíodóirí maidir leis na rialacha ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a bhaineann leis an bhFrithsciúradh Airgid (AML) agus leis an bhFrithmhaoiniú Sceimhlitheoireachta (CTF)' (Conradh seirbhíse JUST/2018/JACC/PR/CRIM/0185).

Is iad seo a leanas cuspóirí an Choimisiúin Eorpaigh agus an conradh seo á chur amach ar tairiscint:

*'Is é cuspóir ginearálta an chonartha seo oiliúint a chur ar dhlíodóirí maidir le príomhphrionsabail agus príomhchoincheapa rialacha an Aontais maidir le AML/CTF, feasacht a mhúscailt ina leith siúd, agus a leathadh i measc dlíodóirí a chur chun cinn. Is é is aidhm leis an gconradh anailís agus measúnú a dhéanamh ar riachtanais na ndlíodóirí agus tacaíocht a thabhairt dóibh ach a bhfeasacht a mhúscailt ar a ról agus ar na hoibleagáidí atá orthu sa chomhrac in aghaidh an sciúrtha airgid agus an mhaoinithe sceimhlitheoireachta faoin Treoir.*

*Is é an cuspóir sonrach atá ann go rachaidh an clár oiliúna i bhfeidhm ar an líon dlíodóirí is mó agus is féidir ar fud an Aontais. Go háirithe, d'fhéadfadh na gníomhaíochtaí oiliúna cabhrú leis na dlíodóirí lena mbaineann freagairt conas is fearr is féidir leo na nithe seo a leanas a dhéanamh:*

- *oibleagáidí ábhartha maidir le AML/CTF a rochtain agus a thuiscint; machnamh a dhéanamh ar mhí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as dlíodóirí agus gnóthais dlí i gcomhthéacs an sciúrtha airgid agus an mhaoinithe sceimhlitheoireachta;*

- *machnamh a dhéanamh ar chleachtais is féidir le dlíodóirí agus gnóthais dlí a ghlacadh ina ndlínse féin agus i gcomhréir le rialacha an bharra ábhartha lena áirithiú go gcoinnítear ar bun na caighdeáin eitice is airde sa ghairm;*

- *sainaithint a dhéanamh ar an bhfadhb a d'fhéadfadh teacht chun cinn sa léirmhíniú ar fhorálacha sonracha i bhfianaise cásanna hipitéiseacha agus iarbhír agus, go háirithe, de bharr leanúnachas a gcaidrimh gnó lena gcliaint agus ceisteanna eile.'*

Roimh na lámhleabhair oiliúna a fhorbairt, d'fhorbair an cuibhreannas comhpháirtithe measúnú ar riachtanais oiliúna agus straitéis oiliúna bunaithe ar fhreagraí i gceistneoir inar fiosraíodh

cleachtais reatha gach Ballstáit maidir le hoiliúint do dhlíodóirí a bhaineann le rialacha AML/CTF ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Rinne na 27 mbarra san Aontas is comhalta de CCBE agus barra na Ríochta Aontaithe an ceistneoir a líonadh isteach.

Is fiú cuimhneamh ar an gcúlra le Treoracha AML/CTF faoi mar a bhaineann le dlíodóirí. Is bagairt thromchúiseach don bheatha agus don tsochaí iad sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta agus bíonn an foréigean ina thoradh orthu, cuireann siad le gníomhaíocht choiriúil, agus cuireann siad bonn an smachta reachta i mbaol. I bhfianaise ról dlíodóirí sa tsochaí agus i bhfianaise na n-oibleagáidí agus na gcaighdeán, idir ghairmiúil agus eile, a bhaineann leo, ní mór do dhlíodóirí gníomhú le hionracas, an smacht reachta a chaomhnú, agus a bheith cúramach gan aon ghníomhaíocht choiriúil a éascú i gcónaí. Dá bhrí sin, ceanglaítear ar dhlíodóirí a bheith aireach i gcónaí ar an mbagairt a bhaineann le coirpigh a dhéanann iarracht mí-úsáid a bhaint as gairm an dlí ar mhaithe le gníomhaíochtaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta.

Ní mór do dhlíodóirí agus do ghnóthais dlí a áirithiú go bhfuil siad feasach ar a n-oibleagáidí AML/CTF agus go gcloíonn siad leo, ar oibleagáidí iad a eascraíonn astu seo a leanas:

(i) eitic fhíor-riachtanach ghairm an dlí lena n-áirítear oibleagáid gan tacú le gníomhaíocht choiriúil ná gan gníomhaíocht choiriúil a éascú; agus

(ii) ceanglais dhlí an Aontais.

Ní mór do gach dlíodóir san Aontas a bheith feasach ar na hoibleagáidí ábhartha ó thaobh dlí agus eitice de atá orthu agus ar na rioscaí atá ábhartha dá réimse cleachtais agus dá gcliaint, agus ní mór dóibh oideachas a chur orthu féin i dtaobh na n-oibleagáidí sin ar bhonn leanúnach. Tá an-tábhacht leis sin mar tagann athrú tapa leanúnach ar na gníomhaíochtaí AML/CTF a bhíonn ar siúl ag coirpigh agus tá siad ag éirí níos sofaisticiúla i gcónaí. Is iad feasacht, faireachas, aithint bratach dearg, agus airdeall na huirlisí is mó a bhíonn ag dlíodóirí chun measúnú a dhéanamh ar chásanna a d’fhéadfadh a bheith ina n-ábhar imní maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta.

Is é is aidhm don lámhleabhar seo cabhrú le hoiliúnóirí a chuireann oiliúint ar dhlíodóirí i réimse AML/CTF a thuiscint cén chaoi an oiliúint sin a chur le chéile le go dtuigeann dlíodóirí réimse iomlán a n-oibleagáidí dlí agus eitice, mar aon lena leochaileacht i dtaca le rioscaí.

## CONAS AN LÁMHLEABHAR SEO A ÚSÁID?

Tá lámhleabhar d'úsáideoirí ag gabháil leis an lámhleabhar d'oiliúnóirí seo, agus tá sé dírithe orthu siúd atá ag glacadh páirt san oiliúint.

Tá mionsonraí sa lámhleabhar úsáideoirí ar an gcreat le haghaidh rialacha AML/CTF ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Ba cheart é sin a mheas mar an teimpléad bunúsach chun oiliúint a chur ar dhlíodóirí maidir leis na rialacha sin. Mar sin féin, níor cheart féachaint air mar threoirphlean

daingean ar gá cloí leis go dílis i ngach aon seisiún, mar is léir go bhféadfadh seisiúin a bheith éagsúil ó chéile ag brath ar na himthosca seo a leanas:

- an t-eolas agus an taithí atá ag na rannpháirtithe cheana féin
- leochaileacht na rannpháirtithe i leith rioscaí sonracha AML/CTF
- fad an chúrsa (toisc gur féidir a bheith níos flaithiúla le hábhar gach snáithe ar chúrsa níos faide)
- cibé acu an cúrsa ginearálta atá ann lena gcumhdaítear an topaic go léir nó an cúrsa atá ann atá dírithe go sonrach ar aon réimse amháin den topaic

I bhfocail eile, ba cheart féachaint ar an lámhleabhar úsáideoirí mar thús maith le haghaidh na seisiún oiliúna a leanann an plean atá leagtha amach ann.

## *Torthaí foghlama*

Sular ullmhaíodh na lámhleabhair d'oiliúnóirí agus d'úsáideoirí, rinneadh anailís ar riachtanais oiliúna dlíodóirí san Aontas Eorpach, agus rinneadh measúnú ar riachtanais oiliúna ina dhiaidh sin. Ba cheart an measúnú sin a chur san áireamh freisin agus seisiún oiliúna á ullmhú, ar bhonn a bhfuil sa lámhleabhar d'úsáideoirí. Leagtar amach sa mheasúnú torthaí foghlama i dtéarmaí scileanna, inniúlachta agus eolais, agus is é a úsáidtear mar bhonn don lámhleabhar d'oiliúnóirí seo.

Rud amháin a tháinig chun solais sa mheasúnú ná gur oiliúint atá praiticiúil is mó a theastaíonn ó dhlíodóirí, ar oiliúint í ina ndírítear ar chás-staidéir agus ar an dea-chleachtas. Beidh rannpháirtithe toilteanacha ann d'oiliúint atá fréamhaithe i riachtanais laethúla agus i bhfírinne laethúil an chleachtais dlí. Ní mór an chothromaíocht a aimsiú i ngach seisiún oiliúna idir teagasc riachtanach bhunús na rialacha maidir le AML/CTF ar thaobh amháin agus samplaí lena dtugtar an bunús sin chun beatha do dhlíodóirí atá i mbun cleachtais ar an taobh eile.

Cé nach bhfuil aon chás-staidéar sa lámhleabhar d'úsáideoirí, treoraítear oiliúnóirí chuig 'A lawyer's guide to detecting and preventing money laundering', a d'fhoilsigh CCBE, International Bar Association (IBA) agus American Bar Association (ABA) in 2014, ina bhfuil sraith cás-staidéar le fáil ar leathanaigh 39-46. Tá tuilleadh faisnéise air sin le fáil thíos, sa roinn 'Cás-staidéir'.

Ina theannta sin, tá liostaí fada rioscaí le fáil san fhoilseachán le CCBE-IBA-ABA a luaitear thuas, agus i bhfoilseachán úsáideach eile 'Guidance for a risk-based approach for legal professionals', a d'fhoilsigh an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF) in 2019. Go traidisiúnta, déantar na rioscaí sin a mhiondealú ina dtrí réimse:

- riosca custaiméara
- riosca idirbhirt
- riosca geografach

Tá liosta neamh-uileghabhálach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an treoir de thosca agus de chineálacha fianaise a d'fhéadfadh a bheith de riosca níos airde sna trí chatagóir sin, ach tá sa dá fhoilseachán a luaitear thuas samplaí fairsinge breise ar leathanaigh 28-38 den fhoilseachán le CCBE-IBA-ABA agus ar leathanaigh 27-43 den fhoilseachán le FATF. Is foinsí saibhre iad na rioscaí sin de chás-staidéir agus den dea-chleachtas ar féidir iad a úsáid mar shamplaí praiticiúla le haghaidh dlíodóirí atá i mbun oiliúna, agus tá ábhar breise thíos ar an gcaoi ar féidir an dá fhoilseachán sin a úsáid ar chúrsaí oiliúna faoin gceannteideal 'Cás-staidéir'.

Ar deireadh, liostaíodh réimsí sa mheasúnú inar bhraith formhór de fhreagróirí ón mbarra agus ón gcumann dlí go raibh oiliúint ar leith de dhíth ar dhlíodóirí. Is iad seo a leanas na réimsí sin:

(1) a mhéid is gá do dhlíodóirí a dhéanamh chun teacht ar fhoinsí chistí na gcliant

(2) cén chaoi measúnuithe riosca AML/CTF a dhéanamh orthu féin mar dhlíodóirí nó mar ghnóthas dlí, mar aon le faisnéis ar riosca AML/CTF agus ar leochaileachtaí na hearnála dlí

(3) an t-idirghníomhú idir an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus rialachán AML

(4) faisnéis ar an gcaoi ar féidir le gnóthais níos lú a bhfuil acmhainní teoranta acu a n-oibleagáidí maidir le AML/CTF a chomhlíonadh go héifeachtach

(5) cén chaoi déileáil le rialacha éagsúla AML/CTF a bheith i bhfeidhm i mBallstáit éagsúla

(6) gnéithe eolais den chion substainteach, measúnuithe riosca agus oibleagáid tuairiscithe (i.e. an leibhéal eolais atá de dhíth)

(7) cén chaoi cineálacha éagsúla cliant a shainaithint, e.g. daoine aonair, cineálacha éagsúla cliant corparáideach, iontaobhais etc.

(8) saincheisteanna sonracha na húinéireachta tairbhiúla

(9) a mhéid is féidir le dlíodóirí a bheith ag brath ar fhaisnéis a fhaightear ó eintitis eile faoi oibleagáid

Arís eile, liostaítear na ceannteidil anseo chun cabhrú le hoiliúnóirí a gcúrsaí a ullmhú. Tá freagraí go leor de na ceisteanna thuas le fáil sa lámhleabhar d'úsáideoirí faoi cheannteidil iomchuí. D'fhéadfadh gnéithe sonracha a bheith ann ar tábhachtaí iad i ndlínse amháin ná i ndlínse eile.

### *Modheolaíocht*

Beidh a mhodheolaíocht féin ag teastáil ó gach cúrsa oiliúna. Mar shampla, d'fhéadfadh léachtaí traidisiúnta, mar aon le sleamhnáin agus nótaí, a bheith ag teastáil le haghaidh ghné an dlí

sheanbhunaithe den chúrsa. Ach b'fhéidir gurbh fhearr an ghné phraiticiúil, na cás-staidéir san áireamh, a theagasc i gceardlanna beaga nó i seisiúin ar an imeall ón seisiún iomlánaíoch, mar aon le ceachtanna a leagan amach.

## OILIÚINT ÉIFEACHTACH

Na prionsabail ghinearálta chéanna a bhaineann leis an dea-oiliúint, baineann siad le hoiliúint a chur ar dhlíodóirí maidir le AML freisin.

Is ann do phrionsabail shonracha áirithe ar cheart iad a mheas le haghaidh cúrsa oiliúna AML, mar sin féin, mar a leanas:

(1) D'fhéadfadh dlíodóirí tabhairt faoi chúrsa a dhéanamh agus leibhéil éagsúla eolais agus ionchais acu. Tá sé tábhachtach ón tús a bheith feasach ar a bhfuil ar eolas ag na rannpháirtithe cheana féin. Mar shampla, d'fhéadfadh dlíodóirí áirithe a bheith den tuairim nach mbaineann na rialacha maidir le AML/CTF leo ar chor ar bith, agus sa chás sin ba cheart díriú ar mhionsonraí raon feidhme na treorach. B'fhéidir nach mbeadh go leor taithí ar an dlí coiriúil ag dlíodóirí eile, mar sin b'fhiú díriú ar shamplaí ón saol iarbhír de na cineálacha gníomhartha coiriúla ar a ndíríonn AML/CTF. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach measúnú a dhéanamh ar dtús ar leibhéal eolais agus feasachta na rannpháirtithe, mar shampla le ceistneoir foirmiúil nó le seisiún tapa ceisteanna agus freagraí ó bhéal ag an tús, le bheith cinnte go mbeidh an oiliúint idir ábhartha agus éifeachtach

(2) Tá sé úsáideach cuireadh a thabhairt do shaineolaithe seachtracha teacht chuig imeacht oiliúna AML mar chainteoirí chun dearcadh eile a léiriú. An rogha shoiléir atá ann ná cuireadh a thabhairt do dhuine ón aonad náisiúnta um fhaisnéis airgeadais (FIU), a dhéileálann le tuairiscí ar idirbhearta amhrasacha, mar beidh sé ar a chumas aige míniú a thabhairt ar na cineálacha cásanna lena mbíonn an t-aonad ag déileáil. Tá sé tábhachtach a chur in iúl don ionadaí ó FIU cloí le samplaí a bhaineann le dlíodóirí ach, ina theannta sin, cloí le samplaí maidir leis na rialacha sonracha AML a bhaineann le dlíodóirí ionas go mbeidh a chur i láthair ábhartha.

(3) Murab ionann agus formhór na réimsí eile i gcleachtas dlíodóra, is réimse den dlí í an reachtaíocht maidir le AML/CTF ina bhféadfadh dliteanais choiriúla agus eile a bheith ag gabháil don dlíodóir mura gcloíonn sé leis na nósanna imeachta cearta. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go dtuigfeadh na rannpháirtithe go soiléir agus iad ag fágáil an tseisiúin a thábhachtaí atá na rialacha, agus go bhféadfaidís a bheith i mbaol dliteanas agus caillteanas cáilmheasa (agus caillteanas slí bheatha dá mbeadh an t-ábhar tromchúiseach go leor) mura gcloífidís leis na rialacha sin.

(4) Mar a chuirtear i dtábhacht ar fud an lámhleabhair seo, cuireann dlíodóirí in iúl go comhsheasmhach gur fearr a fhoghlaimíonn siad sa réimse seo nuair a chuirtear samplaí

ón saol iarbhír os a gcomhair. Dá bhrí sin, ba cheart a iarraidh ar na cainteoirí go léir an oiread samplaí den sórt sin agus is féidir leo a thabhairt ina gcur i láthair, go háirithe toisc nach i gcónaí a bhíonn ciall na bhfrásaí tábhachtacha sa treoir an-soiléir. Ba cheart machnamh a dhéanamh freisin ar sheisiún speisialta ina ndírítear go sonrach ar aon chás-staidéar amháin nó níos mó. Tá tuilleadh treoraíochta air sin le fáil thíos, sa roinn 'Cás-staidéir'. Ina theannta sin, ba cheart ceisteanna ó rannpháirtithe a spreagadh ar fud an tseisiúin, mar aon le hidirghníomhú ginearálta idir an t-oiliúnóir nó na hoiliúnóirí agus na rannpháirtithe.

(5) Go minic, beidh an oiliúint á hullmhú ag daoine a dhéanann speisialtóireacht in oiliúint ghinearálta lena gcumhdaítear go leor topaicí, mar is saineolas dá chuid féin é oiliúint a chur ar ghairmithe. Mar sin féin, ní hionann oiliúint in AML/CTF agus oiliúint i dtopaicí lena gcumhdaítear an dlí substainteach amháin, mar cumhdaítear leis an oiliúint idir an dlí substainteach agus nósanna imeachta is gá a fhréamhú i mbainistíocht an chleachtais. Ina theannta sin, d'fhéadfaí pionóis thromchúiseacha a ghearradh ar na dlíodóirí féin mura gcloítear leis na rialacha, lena n-áirítear díbharrú i gcásanna tromchúiseacha, rud a théann níos faide ná an cás a ghlacfaí go hiondúil as faillí mar thoradh ar theip san oiliúint in ábhar substainteach. Tá sé tábhachtach go gcuimhneofaí ar na nithe sin agus an oiliúint á hullmhú. Dá réir sin, moltar go mbeadh saineolaí sna rialacha AML/CTF ina chomhphleanálaí ar an gclár oiliúna in éineacht le hoiliúnóir ginearálta lena áirithiú go gcumhdódh saineolaithe iomchuí na topaicí ábhartha.

## BUNÁBHAIR

Mar a luadh roimhe seo, foilsíodh treoracha úsáideacha do dhlíodóirí i réimse AML/CTF. Baineadh úsáid astu chun an lámhleabhar d'úsáideoirí a ullmhú, agus luadh sleachta astu i ranna roimhe seo den lámhleabhar d'oiliúnóirí seo freisin. Moltar d'oiliúnóirí féachaint orthu chun smaointe eile a fháil.

Is iad seo a leanas an dá phríomh-threoirleabhar:

(1) 'A lawyer's guide to detecting and preventing money laundering', a d'fhoilsigh CCBE, International Bar Association (IBA) agus American Bar Association (ABA) in 2014

(2) 'Guidance for a risk-based approach for legal professionals', a d'fhoilsigh an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF) in 2019

Mar sin féin, níor cheart dearmad a dhéanamh nár foilsíodh an dá threoirleabhar sin bunaithe ar chreat sonrach na reachtaíochta Eorpaí atá i bhfeidhm faoi láthair. Tá siad dírithe ar dhlíodóirí ar fud na cruinne, agus is iad na prionsabail fhíor-riachtanacha a phléitear iontu. Ina theannta sin, foilsíodh an chéad treoirleabhar roinnt blianta ó shin anois, agus d'fhéadfadh sé go bhfuil athrú tagtha ar roinnt de na himthosca ba bhun leis.

Ina theannta sin, d'fhoilsigh an Legal Sector Affinity Group 'Anti-Money Laundering Guidance for the Legal Sector' sa Ríocht Aontaithe in 2020, tráth a bhí an Ríocht Aontaithe san idirthréimhse sular fhág an tír an tAontas Eorpach. Tá sé sin ar cheann de na treoirleabhair a d'eisigh barra. I measc na dtreoirleabhar eile san Aontas, áirítear treoracha a d'eisigh Dlí-Chumann na hÉireann agus an Barra san Ísiltír.

Ina dhiaidh sin, is ann do chinntí ón gcúirt ar cheart iad a chur san áireamh. Luaitear an dá phríomhchás ar leibhéal Eorpach sa lámhleabhar d'úsáideoirí, agus tugtar tuairisc ghairid orthu. Tá na breithiúnais an-tábhachtach i réimse thionchar na treorach, agus rialacha AML/CTF i gcoitinne, ar cheann de bhunluachanna na gairme dlí, mar atá rúndacht ghairmiúil (ar a dtugtar rúndacht agus pribhléid ghairmiúil dlíodóirí freisin). Is dócha do dtiocfadh an topaic sin chun cinn i mórchuid na hoiliúna le haghaidh dlíodóirí ar rialacha AML/CTF, agus dá bhrí sin moltar d'oiliúnóirí eolas a chur ar na breithiúnais sin:

- *Ordre des barreaux francophones et germanophone agus Eile v Conseil des ministres,* Cás C-305/05

- *Michaud v an Fhrainc* (Iarratas Uimh. 12323/11)

Ba cheart d'oiliúnóirí a thuiscint freisin gurb é AML/CTF ar an leibhéal Eorpach is ábhar don lámhleabhar d'úsáideoirí agus, go deimhin, do na cinntí a luaitear thuas freisin. Beidh an treoir curtha chun feidhme sa reachtaíocht náisiúnta, agus d'fhéadfadh cásanna náisiúnta a bheith ann freisin, agus beidh sé tábhachtach go mbeadh eolas agus tuiscint ag an oiliúnóir ar na cásanna sin freisin.

Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh dlíodóirí an fhoclaíocht chruinn a úsáidtear sa leagan den treoir ina dteanga náisiúnta féin agus sa reachtaíocht cur chun feidhme náisiúnta freisin agus an gnáth-léirmhíniú a bhaintear aisti. Ní fhéadfaidh an reachtaíocht náisiúnta ná an dlí-eolaíocht náisiúnta imeacht ón gcaighdeán uile-Aontais a leagtar síos sa treoir, agus má imíonn is ag an treoir a bheidh forlámhas. Mar sin féin, d'fhéadfadh éagsúlacht áirithe a bheith ann idir fairsinge na bhfocal a úsáidtear sna Ballstáit.

Ar deireadh, ba cheart d'oiliúnóirí comhthéacs measúnuithe riosca náisiúnta agus a bhfuil iontu a choinneáil i gcuimhne freisin, ó tharla nach ionann na dálaí is bun le rioscaí sciúrtha airgid ó Bhallstát go Ballstát. Coimeádann an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF) taifead ar mheasúnuithe riosca náisiúnta.

## CÁS-STAIDÉIR

Luaitear i roinnt áiteanna sa lámhleabhar d'oiliúnóirí seo an dá threoirleabhar atá ann cheana maidir le freagrachtaí dlíodóirí i ndáil le AML/CTF. Tá samplaí praiticiúla le fáil sna foilseacháin sin de leochaileachtaí na gairme dlí i leith gníomhaíocht choiriúil sa réimse seo. Níl na samplaí sin dírithe go sonrach ar fhreagrachtaí faoin reachtaíocht Eorpach, ach is treoirleabhair

ghinearálta iad atá beartaithe lena n-úsáid ag dlíodóirí ar fud na cruinne. Ba cheart cuimhneamh air sin agus an t-ábhar in úsáid.

Tá 'A lawyer's guide to detecting and preventing money laundering', a d'fhoilsigh CCBE, International Bar Association (IBA) agus American Bar Association (ABA) in 2014 (ar a dtugtar 'an chéad treoirleabhar' anseo feasta) ar an gceann is úsáidí le haghaidh an lámhleabhair d'oiliúnóirí seo mar tá cás-staidéir ann ó leathanach 40 ar aghaidh ar féidir iad a úsáid i seisiúin oiliúna. Is féidir réitigh Eorpacha shonracha a chur i dtábhacht agus an t-ábhar á phlé leis na rannpháirtithe.

Soláthraítear réimse leathan cás-staidéar. Tugtar ceannteideal lena mbaineann an cás-staidéar, mar aon le fíorais thipiciúla. Tugtar liosta ansin de na bratacha dearga ar cheart don rannpháirtí a bheith san airdeall orthu mar thoradh ar na fíorais, agus tugtar réiteach 'Cad is féidir leat a dhéanamh?' ina dhiaidh sin.

Seo sampla tipiciúil:

> <u>*Deireadh a chur le hidirbhearta agus aistriú cistí gan an obair dlí bhunaidh*</u>
>
> *Tháinig cliant nua chuig gnóthas dlí agus thug sí treoracha don ghnóthas cabhrú le roinnt ceannach sócmhainní. Bhí an cliant ag plé le dlíodóir sóisearach ag an ngnóthas agus thug an dlíodóir sin, ar iarratas ón gcliant, sonraí ar chuntas an ghnóthais di roimh CDD a thabhairt i gcrích ar an gcliant nó roimh chomhaontú rannpháirtíochta a shíniú léi. Níor thug an cliant aon treoir eile tar éis thaisceadh na gcistí. Mhínigh an cliant tar a éis sin nach raibh sé i gceist aici na sócmhainní ábhartha a cheannach a thuilleadh, agus d'iarr sí go dtabharfaí an t-airgead a taisceadh do thríú páirtí seachas é a sheoladh ar ais chuig a cuntas pearsanta féin.*
>
> <u>*Bratacha dearga:*</u>
>
> *Cuirtear deireadh leis an idirbheart tar éis na cistí a fháil i gcuntas cliaint. Iarrann an cliant go seolfaí cistí a taisceadh chuig tríú páirtí seachas ar ais chuig an gcliant féin. Tá teagmháil phearsanta á seachaint ag an gcliant gan cúis mhaith leis.*
>
> <u>*Cad is féidir leat a dhéanamh?*</u>
>
> *Ná ceadaigh do chliant cistí a thaisceadh i gcuntas cliaint go dtí go mbeidh CDD déanta, go dtí go mbeidh cuspóir an idirbhirt leagtha amach agus go dtí go mbeidh tú sásta nach bhfuil aon riosca sciúrtha airgid ag baint leis na cistí. De rogha air sin, ní seol na cistí chuig an tríú páirtí ach seol ar ais iad chuig an bhfoinse bhunaidh.*

Tá liostaí bratach dearg lena gcuirtear leochaileachtaí na gairme dlí i dtábhacht ar bhealach praiticiúil le fáil sa dá threoirleabhar, mar atá an chéad treoir thuas as ar baineadh an cás-staidéar agus an dara treoirleabhar, 'Guidance for a risk-based approach for legal professionals', a d'fhoilsigh an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais in 2019 (ar a dtugtar 'an dara treoirleabhar' anseo feasta).

Mar sin, seo liosta tipiciúil bratach dearg ón gcéad treoirleabhar, ó Chaibidil IV ina bpléitear le bratacha dearga go sonrach (luaitear cuid mhór bratach dearg):

_Modh íocaíochta_

- *Ceannaítear an tsócmhainn le hairgead tirim agus úsáidtear í mar chomhthaobhacht le haghaidh iasachta go gairid ina dhiaidh sin.*

*Níl aon mhíniú maith ar na nithe seo a leanas:*

- *tréimhse aisíocaíochta a bheith leagtha amach atá níos giorra ná mar is gnách;*
- *morgáistí a bheith á n-aisíoc arís agus arís eile i bhfad roimh an dáta aibíochta a comhaontaíodh ar dtús; nó*
- *maoiniú a bheith á sholáthar ag iasachtóir, ar duine nádúrtha nó duine dlítheanach é, seachas institiúid chreidmheasa.*

Tá iarscríbhinn (Iarscríbhinn 5) atá tiomnaithe do 'Samplaí de bhratacha dearga lena léirítear gníomhaíochtaí nó idirbhearta amhrasacha le haghaidh gairmithe dlí' le fáil sa dara treoirleabhar, óna mbaintear na samplaí seo:

*l) An chomhthaobhacht atá á soláthar le haghaidh an idirbhirt, tá sí lonnaithe i dtír ardriosca faoi láthair.*

*m) Tháinig méadú mór ar chaipiteal le haghaidh cuideachta a corpraíodh le déanaí nó ar ranníocaíochtaí leantacha in imeacht tréimhse ghearr leis an gcuideachta chéanna, gan aon mhíniú loighciúil air.*

*n) Tháinig méadú mór ar chaipiteal ó thír iasachta, nach bhfuil gaol aici leis an gcuideachta nó ar tír ardriosca í.*

*o) Faigheann an chuideachta infheistiú caipitil nó sócmhainní comhchineáil atá ard go hiomarcach i bhfianaise ghnó, mhéid nó mhargadhluach na cuideachta, gan aon mhíniú loighciúil air.*

Tugtar na samplaí sin mar léirítear leo, fiú más rud é nach n-úsáideann oiliúnóir ceann de na cás-staidéir ón gcéad treoirleabhar, go bhfuil bratacha dearga praiticiúla le fáil sa dá threoirleabhar lenar féidir cás-staidéir eile a chur le chéile go héasca. Mar a luaitear thuas, dá phraiticiúla atá an oiliúint, tá fianaise ann gurb ea is éasca a thuigfidh na rannpháirtithe í.